

TG4@10

Deich mBliana de TG4
Ten Years of TG4

Eagarthóirí

Eithne O'Connell

John Walsh

Gearóid Denvir



Cló Iar-Chonnachta

Indreabhán

Conamara

An Chéad Chló 2008
© Cló Iar-Chonnachta 2008

ISBN 978-1-905560-29-5

Dearadh: Creative Laundry / Deirdre Ní Thuathail



Bord na
Leabhar
Gaeilge



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnachta buíoch de Bhord na Leabhar Gaeilge
(Foras na Gaeilge) as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnachta cabhair airgid
ón gComhairle Ealaíon.



National University of Ireland, Galway
Ollscoil na hÉireann, Galway

Tá na heagarthóirí buíoch de Ollscoil na hÉireann Gaillimh
agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
as tacaíocht a chur ar fáil.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara
Teil: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie
Priontáil: Future Print, Baile Átha Cliath 13.

*Dóibh siúd uile
a throid ar son
seirbhís teilifíse Gaeilge*

Buíochas

Ba mhaith leis na hEagarthóirí buíochas ó chroí a ghabháil leis an iliomad daoine a chabhraigh leo an seimineár agus an bailiúchán aistí seo a chur i dtoll a chéile. Táimid buíoch d'Fhoras na Gaeilge, go háirithe de Dheirdre Davitt, agus de Bhord na Leabhar Gaeilge, as urraíocht fhlaithiúil a dhéanamh ar an bhfiontar, den Ollamh Jenny Williams agus den Ionad um Staidéar an Aistriúcháin agus Téacs (CTTS) i Scoil an Staidéir Teanga agus Idirchultúir Fheidhmigh (SALIS), Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC), agus de Scoil na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG), as tacaíocht bhreise airgeadais agus riaracháin.

Táimid buíoch chomh maith de Dheirdre Ní Thuathail, Cló Iar-Chonnachta agus de Bhord na Leabhar Gaeilge. Thug Criostóir Mac Dubhail (OCBÁC), Fiona de Paor (OÉG), Peigí Ní Oibicín (OÉG) agus Nóra Ní Dhubháin (OÉG) tacaíocht riaracháin dúinn. Táimid thar a bheith buíoch de Mhícheál Mac Lochlainn, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, a thug tacaíocht riachtanach theicniúil, ríomhaireachta agus ghrianghrafadóireachta dúinn le linn an tseimineáir féin agus i bhfad roimhe sin. Táimid buíoch de chathaoirleach an tseimineáir, an Dr Peadar Ó Flatharta (OCBÁC) agus de Mháire Ní Neachtain (Coláiste Mhuire gan Smál), a bhí ina *rapporteuse* dúinn. Ina theannta sin, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le hUlrike Fuehrer ón gcomhlacht ateangaireachta Context, agus le Maitias Mac Cárthaigh agus Dairena Ní Chinnéide a rinne ateangaireacht an tseimineáir dúinn. Ar deireadh, táimid faoi chomaoin ag Edel Ní Chuirreáin, Ceannaire RTÉ Raidió na Gaeltachta, agus ag Máirtín Jaimsie Ó Flaithbheartaigh ón stáisiún sin as a n-urraíocht fhlaithiúil agus as a gcabhair leis an gcomhad fuaimne TG4@10 atá ar fáil ar shuíomh idirlín Chló Iar-Chonnachta ag: www.cic.ie

Clár an Ábhair

Réamhrá

Eithne O'Connell, John Walsh, Gearóid Denvir 9

An tSúil ó Bhaile na hAbhann

Súil Siar ar an 'tSúil Eile'
Pádhraic Ó Ciardha 17
 Súil Siar ón gCéad Cheannasaí
Cathal Goan 20

Súil an Phobail

Fíorú Aislinge: Cuimhní Cinn agus Smaointe Feachtasóra
Íte Ní Chionnaith 27
 An 'Mheán'-Ghaeilge: Caighdeáin Teanga i gCláir Óige TG4
Pádraig Ó Mianáin 42
 'An tArrachtach Binn': TG4 agus Cultúr na Gaeilge
Máirín Ní Eoin 51

An tSúil Ghrinn Ghéar

TG4, an Ghaeilge agus Pobail na Gaeilge
Siobhán Ní Laoire 71
 An Tírdhreach Teangeolaíoch agus Taibhiú Teanga ar TG4
Tadhg Ó hIfearnáin 91
 TG4: Seirbhís Chraolacháin nó Seirbhís Phleanála Teanga?
Seosamh Mac Donnacha 103

Súile Eile

Súil(e) Eile: Srian nó Féidearthachtaí?
Anna Ní Ghallachair 117
 TG4: Radacach Inniu nó Díomhaoin Amárach?
Uinsionn Mac Dubhghaill 123
 TG4@10: An Léargas Fiontraíochta
Emer Ní Bhrádaigh 137

Súil an Tionscail

Teilifís, Tionscal agus Teanga	
<i>Irial Mac Murchú</i>	157
Guth Aduaidh ó Lios na Sí	
<i>Niall Mac Eachmharcaigh</i>	162

Súil Siar

Tuairisc Scoir	
<i>Máire Ní Neachtain</i>	167

Summaries in English

<i>Cathal Goan</i>	175
<i>Pádhraic Ó Ciardha</i>	177
<i>Íte Ní Chionnaith</i>	180
<i>Pádraig Ó Mianáin</i>	185
<i>Máirín Nic Eoin</i>	188
<i>Siobhán Ní Laoire</i>	191
<i>Tadhg Ó hÍfearnáin</i>	195
<i>Seosamh Mac Donnacha</i>	198
<i>Anna Ní Ghallachair</i>	200
<i>Uinsíonn Mac Dubhghaill</i>	203
<i>Emer Ní Bhrádaigh</i>	206
<i>Irial Mac Murchú</i>	210
<i>Niall Mac Eachmharcaigh</i>	214

Beathaisnéisí/Biographies	219
----------------------------------	-----

An Comhad Fuaimne	233
--------------------------	-----

Réamhrá

I 2004 tharla go raibh Eithne O’Connell ó Scoil an Staidéir Teanga agus Idirchultúir Fheidhmigh, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC), ag caint le mic léinn ansin mar gheall ar TG4 agus ar shaol na Gaeilge ó ‘bunaíodh an stáisiún cúpla bliain ó shin’, mar a dúirt sí go soineanta ag an am. Baineadh siar aisti nuair a thug sí faoi deara nach cúpla bliain a bhí i gceist ar chor ar bith ach os cionn ocht mbliana. Thuig sí ansin go rabhthas i ndáiríre ag druidim go sciobtha le ceiliúradh deich mbliana de TG4. Phléigh sí an scéal le John Walsh, sochtheangeolaí a bhí ag obair le Fiontar in OCBÁC ag an am agus a raibh beagnach deich mbliana caite aige ag iriseoireacht roimhe sin do RTÉ agus TG4, i measc craoltóirí eile. Shocraigh siad gur cheart seimineár idirdhisciplíneach a thionól chun deich mbliana de TG4 a cheiliúradh agus chun daoine a raibh cúlraí éagsúla léinn acu a chur i mbun machnaimh agus allagair le chéile maidir le cúrsaí teanga agus teilifíse. I measc na réimsí léinn sin a bhí in aigne acu bhí léann na meán cumarsáide, an tsochtheangeolaíocht, an fhorbairt shocheacnamaíoch agus léann na Gaeilge féin, dar ndóigh.

Bhí siad den tuairim gur dhíol suntais go leor dá raibh bainte amach ag an stáisiún ó thosaigh sé ag craoladh faoi Shamhain 1996 ach chreid siad, agus deich mbliana le slánú ag TG4 go luath, gur mhithid a ‘Súil Eile’ féin a chaitheamh ar an stáisiún: súil ghéar chriticiúil carad, súil a bheadh ag tnúth go mór le stáisiún níos fearr fós a fheiceáil sna blianta romhainn. Go gearr ina dhiaidh sin, d’aistrigh John Walsh ó OCBÁC go Scoil na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG), ach shocraigh an bheirt leathbhádóirí coinneáil orthu leis na réamhullmhúcháin agus tháinig Gearóid Denvir, Ceann Scoil na Gaeilge, ar bord tamall ina dhiaidh sin. Le hurraíocht fhlaithiúil ó Fhoras na Gaeilge, tionóladh seimineár dar

teideal ‘Súil Siar is Súil ar Aghaidh: 10 mBliana TG4: Céiliúradh agus Anailís’ ar 25 Samhain 2006 in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. D’fhreastail tuairim is 150 duine ar an ócáid, ó gach cearn d’Éirinn, agus ó Albain agus ón mBreatain Bheag, agus bhí idir lucht tionscail agus lucht acadúil araon i láthair.

Ag féachaint siar dúinn anois, is féidir a rá go raibh sé thar a bheith caoithiúil gur i Scoil an Staidéir Teanga agus Idirchultúir Fheidhmigh a smaoiníodh an chéad lá riamh ar an seimineár a eagrú agus an leabhar seo a chur i gcló. Tá obair cheannródaíoch déanta ag SALIS agus ag Fiontar in OCBÁC le fada an lá in go leor de na réimsí léinn a bhí faoi chaibidil le linn an tseimineáir agus atá i gcroílár an leabhair seo – an chumarsáid, an teanga, léann an chultúir, an t-aistriúchán, mar shampla. Tá sé thar a bheith caoithiúil chomh maith gur i Scoil na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a reáchtáladh an seimineár. Chuir Acht na hOllscoile 1929 dualgas ar Choláiste na hOllscoile, Gaillimh, mar a bhí ag an am, cúram ar leith a dhéanamh den oideachas trí Ghaeilge, agus níl aon amhras faoi ach gur tháinig glúin i ndiaidh glúine de chéimithe as an gcoláiste céanna a rinne obair shuntasach in earnálacha éagsúla na teanga ó shin. Cúis bhróid ar leith dúinn go bhfuil riar shuntasach iarscoláirí de chuid Scoil na Gaeilge agus OÉG trí chéile, fearacht iarscoláirí OCBÁC, ag obair do TG4 nó in earnáil na cumarsáide agus an tionscail chlosamhairc trí chéile. Aithnímid in earnáil na hollscolaíochta Gaeilge – idir lucht léann na Gaeilge féin sa chiall is leithne agus lucht an oideachais trí Ghaeilge, mar shampla in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (OÉG) agus Fiontar (OCBÁC) – gurb é ár ndualgas pobail agus ár leas straitéiseach acadúil araon cláracha oiliúna agus oideachais a chur chun cinn sa réimse seo.

Tá sé mar aidhm bhunúsach againn in OCBÁC agus in OÉG ár gcuid scoláirí a réiteach do shochaí agus do shaol oibre atá ag síorathrú ar luas luaineach. Creidimid go gcuireann na meáin chraolta – an teilifís, an raidió, an tÍdirlíon, an fón póca – chomh maith le forbairtí teicneolaíochta mar *iPod*anna iallach orainn ar fad athmhachnamh agus athshainiú a dhéanamh ar roinnt ceisteanna bunúsacha a bhaineann le cultúr ár linne: Céard is brí le cultúr anois i ré seo an domhandaithe? Céard is brí le litearthacht aibíteach i ré seo cheannas an fhocail chraolta seachas an fhocail chlóite? Maidir le cúrsaí ‘litríochta’, níl aon amhras ann ach go gcaithfidimid súil eile a chaitheamh ar chuid de na buntuisicintí atá againn ina leith. An bhfuil ré an fhocail chlóite, agus dá réir sin, ré na seánraí agus

foirmeacha traidisiúnta liteartha – an gearrscéal, an t-úrscéal, an dráma, an dán liriciúil, an aiste mhachnamhach chritice, mar shampla – ag druidim chun deiridh? An bhfuil a n-áit á glacadh ag an ngearrscannán, ag an sobal teilifíse, ag an gclár faisnéise, nó fiú ag an teilifís réalaíoch? Ba sa chomhthéacs sin a chuireamar liosta saincheisteanna faoi bhráid na gcainteoirí a bhí le páirt a ghlacadh sa seimineár:

- Céard é an t-údar ceiliúrtha is mó atá ag TG4 tar éis deich mbliana?
- Céard iad na dúshláin is mó atá le tabhairt ag an stáisiún agus ag earnáil na teilifíse Gaeilge trí chéile?
- Cén tionchar atá ag TG4 i dtéarmaí sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha?
- Cén tionchar atá ag TG4 ar an nGaeilge agus cén fhreagracht atá ar an stáisiún i dtaca le pleanáil teanga?

Is maith linn a dhearbhu gur ceisteanna iad seo a bhfuil gnéithe de na cúrsaí léinn inár gcuid ollscoileanna ag díriú orthu chomh maith, agus a bhfuil taighde suntasach de chuid ár gcomhghleacaithe ag dul i ngleic leo. Ina theannta sin, tá taighde bunúil iarchéime á dhéanamh faoi stiúir ag baill foirne inár gcuid ollscoileanna sna réimsí seo. Léiríonn TG4, an seimineár a réachtálar le súil a chaitheamh ar dheich mbliana TG4, an leabhar seo, agus an obair atá ar bun sna hinstiúidí tríú leibhéal ar fud na tíre gur cuid riachtanach de chultúr na freacnairce in Éirinn ilteangach, ilchultúrtha ár linne an Ghaeilge. Dhearbhaigh bunú an stáisiúin deich mbliana ó shin go raibh an Ghaeilge, más mionteanga féin í ar imeall thiar na hEorpa, in ann a háit a ghlacadh i measc theangacha forásacha an domhain, agus nach gá dúinn a bheith inár saithilít choilínithe de chuid mhórstáisiúin tráchtála an domhain Bhéarla-láraithe feasta ó tharla ‘Súil Eile’ a bheith againn ar an saol mór sin.

Bíodh is go raibh iomaire torthúil le treabhadh sa leabhar, thuigeamar ón tús go raibh teorainn leis an méid aistí agus ábhair a d’fhéadfaí a chur idir chluádaigh leabhar ar bith. Fós féin, chuireamar romhainn ón gcéad lá féachaint le saothar fíor-idirdhisciplíneach a chur ar fáil. Bhí rún againn go gcaithfeadh na húdair súil ní hambáin ar an stáisiún féin agus ar an tionscal closamhairc ina bhfeidhmíonn sé ach go bhfaighfí ina theannta sin peirspictíochtaí corparáideacha chomh maith le hanáilís ar phobal na Gaeilge féin agus ar lucht féachana TG4 trí chéile. Theastaigh uainn go gcuirfí san áireamh pobail na Gaeltachta thoir, thiar,

thuaidh agus theas chomh maith le pobal na Gaeilge atá scaipthe tríd an tír, agus ina dteannta siúd lucht teagaisc agus lucht foghlama na Gaeilge. Lena chois sin, theastaigh uainn go bpléifí ceisteanna a bhainfeadh le polasaithe craolacháin agus le cúrsaí pleanála teanga. Ba thábhachtach dúinn freisin go mbeadh réimse leathan de ghuthanna Gaeilge le cloisteáil sa chnuasach seo tuairimí, ón gcainteoir Gaeltachta is líofa agus is fairsinge réimeanna teanga go dtí lucht an chúpla focal a bhreathnaíonn ar TG4 ó thráth neamhrialta go chéile, agus lena chois sin go mbeadh an cead céanna cainte ag an tionscal closamhairc agus ag an lucht acadúil agus critice. Níl saoi ná saothar gan locht ach táimid sásta, in ainneoin na srianta a bhí orainn, gur éirigh linn réimse leathan tuairimí agus peirspictíochtaí a chur ar fáil.

Tá údair na n-aistí lonnaithe ó thuaidh i bPort Stíobhart agus ó dheas sa Rinn, thoir i mBaile Átha Cliath agus thiar i gConamara, i measc áiteanna eile. Dá bhrí sin, ní éagsúlacht tuairimí amháin atá á léiriú ar na leathanaigh seo ach éagsúlacht teanga chomh maith. Mar Eagarthóirí, mheasamar gurbh fhiú an blas réigiúnach nó lorg na canúna a fhágáil nuair a tháinig sé i gceist. Rinneamar iarracht an saibhreas sin a léiriú ach cloí san am céanna den chuid is mó leis na malairtí atá ceadaithe ag an gCaighdeán Oifigiúil agus ag *Foclóir Gaeilge-Béarla* Uí Dhónaill. Dá réir sin, tá súil againn go mbainfidh lucht staidéir na meán agus lucht teagaisc agus foghlama na Gaeilge araon leas as na haistí seo.

Cúig phríomhrannóg atá sa leabhar, agus téamaí éagsúla iontu ar fad. An dearcadh corparáideach atá ag TG4 agus RTÉ araon a léirítear sa chéad rannóg, ‘An tSúil ó Bhaile na hAbhann’. Tá cúrsaí pobail agus cultúir á bplé sa dara rannóg, ‘Súil an Phobail’. Sa tríú rannóg, ‘An tSúil Ghrinn Ghéar’, tugtar léamh ó réimse na sochtheangeolaíochta ar na ceisteanna a pléadh ag an seimineár. Pléitear ceisteanna eile faoin ilchultúrachas agus faoin bhfiontraíocht sa cheathrú rannóg, ‘Súile Eile’, agus tugtar léargas an tionscail chlosamhairc sa chúigiú rannóg, ‘Súil an Tionscail’. Cé nach fíorleabhar dátheangach atá anseo, ag eascairt as ár bpolasaí córas iomlán ateangaireachta a chur ar fáil ag an seimineár, bheartaíomar gur cheart achoimrí substaintiúla Béarla de na haistí ar fad a fhoilsiú sa leabhar d’fhonn is go mbeadh rochtain áirithe ag léitheoirí nach bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu, agus go háirithe lucht staidéar na meán agus na mionteangacha, ar an ábhar a phléitear sa leabhar. Is beag ach is tábhachtach an lamháltas do lucht an Bhéarla an méid sin, dar linn.

Táimid go láidir den tuairim gurb é ceann d'fhadhbanna shaol na Gaeilge an easpa cumarsáide agus díospóireachta idir é agus na daoine sin atá ar bheagán Gaeilge nó nach bhfuil an teanga acu in aon chor. Sin an bhuntuisicint a spreag sinn chun aistriúchán Gaeilge-Béarla a sholáthar ag an seimineár féin agus na hachóimrí Béarla a chur ar fáil sa leabhar seo.

Maidir le cúrsaí aistriúcháin agus TG4, creidimid go raibh polasaí ceart ag TG4, nó TnaG mar a bhí, i dtaobh an aistriúcháin chlosamhairc an chéad lá riamh: bhí siad chun roinnt cláracha iasachta den scoth a dhubáil go Gaeilge agus úsáid a bhaint as fotheidil Ghaeilge agus Bhéarla nuair ba ghá. Maidir leis na fotheidil Ghaeilge, bhí siad gann ó thús deireadh – ceal airgid, ní ceal tola, dar ndóigh. D'éirigh thar cionn leis na fotheidil Bhéarla sa mhéid is gur mheall siad Béarlóirí nach raibh in ann ach cuid den Ghaeilge a thuiscint, nó sin a bhí gan Gaeilge ar bith. Murach na fotheidil Bhéarla, is cinnte nach mbeadh an lucht féachana suntasach atá ag TG4 bainte amach aici – agus tá tábhacht as cuimse ag baint le lucht féachana ar bheagán Gaeilge ó thaobh ghlacadh phobal na hÉireann trí chéile leis an stáisiún. Is ionann an scéal ó thaobh rátaí lucht féachana, poiblíochta agus dea-thola – nithe nach ceart agus nach féidir neamhshuim a dhéanamh díobh, dar ndóigh, go háirithe mar stáisiún imeallach atá díreach ag tosú amach.

Tá bealach eile le breathnú ar na fotheidil chéanna, áfach. Léiríonn an taighde nach féidir le lucht féachana gan fotheidil a léamh, is cuma an bhfuil siad ag teastáil nó nach bhfuil. Léiríonn an taighde chomh maith go bhfuil tionchar an chainéil fhuaimne i bhfad níos laige ná tionchar láidir na bhfotheideal. Bíonn fotheidil mar a bheidís greanta ar an scáileán faoi shúil an bhreathnadóra agus ar an ábhar sin téann siad go mór i bhfeidhm. Is léir nach dtuigeann an gnáthdhuine an tionchar atá ag fotheidil Bhéarla ar a chumas teanga, is é sin, gur dócha gurb é a chuid *Béarla*, seachas a chuid Gaeilge, atá á fhorbairt agus é ag féachaint ar chláracha le traic fuaimne Gaeilge agus fotheidil Bhéarla. Fágann sé sin gur féidir a rá gur cláracha le tionchar láidir Béarla dáiríre, ach a bhfuil *cuma na Gaeilge* orthu, atá in go leor de na cláracha sin atá in ainm is a bheith ina gcláracha Gaeilge. Dá mbeadh níos mó cláracha le fotheidil *Ghaeilge* ann, áfach, chabhródh sé sin go mór le cur chun cinn na Gaeilge agus an Chaighdeán Oifigiúil. Is dá mbeadh, fiú, athrú ar an bpolasaí reatha ar ais i dtreo an chinn a bhíodh ann ar dtús, is é sin, dá bhféadfadh an lucht féachana fotheidil a roghnú nó a sheachaint, a chasadh air nó a

chasadh as, bheadh cúrsaí níos fearr. Faoi mar atá an scéal faoi láthair, áfach, is ag síorléamh Béarla a bhíonn idir chainteoirí dúchais agus fhoghlaimeoirí Gaeilge agus iad ag breathnú ar TG4.

Ba chuma faoi seo dá mba 'ghnáthstáisiún teilifíse' é TG4, stáisiún teilifíse i mórtheanga ar nós an Bhéarla i dtimpeallacht Bhéarla, mar shampla. Táimid den tuairim go bhfuil cúraimí faoi leith ar an stáisiún teilifíse a chraolann i mionteanga ar nós na Gaeilge, áfach. Tá an Ghaeilge ar an imeall sna réimsí úsáide teanga ar fad go náisiúnta, agus faoi bhrú i réimsí teanga na Gaeltachta, fiú. Mar cheann d'institiúidí stáit na Gaeilge, institiúid a tharlaíonn a bheith ina mórmheán cumhachtach cumarsáide chomh maith, tá freagrachtaí tromchúiseacha teanga ar TG4. Tuigimid, dar ndóigh, gur cheart do TG4 léiriú firinneach a thabhairt ina cuid cláracha ar an éagsúlacht réimsí cumais atá ag lucht labhartha na Gaeilge ach níor mhór di a chinntiú san am céanna go gcráolfar an chuid is fearr agus is saibhre den teanga sin go rialta. Níor mhór di a bheith feasach faoina ról maidir le ceartúsáid na teanga nuair is cú, agus faoina ról lárnach an nuathearmaíocht a scaipeadh, mar shampla. Níor mhór di a bheith uailmhianach faoi ghairmiúlacht teanga a cuid láithreoirí féin freisin agus, ina theannta sin uile, creidimid gur den mhórthábhacht di chomh maith a bheith ag cothú gairmiúlachta i leith na Gaeilge sna comhlachtaí léiriúcháin óna gceannaíonn an stáisiún cláracha.

Focal scoir maidir leis an leabhar seo mar áis oideachasúil: bheartaíomar gur cheart cuid de chaint an bhéil bheo a bhain leis an seimineár i 2006, ar a bhfuil an leabhar seo bunaithe, a chur ar fáil. Chuige sin, le hurraíocht agus cabhair fhlaithiúil theicniúil ó RTÉ Raidió na Gaeltachta, d'éirigh linn comhad fuaime a ullmhú agus a chur ar fáil ar shuíomh idirlín Cló Iar-Chonnachta ag www.cic.ie. Ar an gcomhad fuaime sin, tá sleachta as formhór na gcainteanna, rud a thugann blas den éagsúlacht ábhair agus den éagsúlacht réimsí teanga atá sna haistí seo. Tá súil againn go mbeidh an taifeadadh ina áis thaitneamhach agus luachmhar don ghnáthléitheoir agus don té atá ag iarraidh é a úsáid i gcomhthéacs oideachais.

*Eithne O'Connell, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
John Walsh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Gearóid Denvir, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Samhain 2007*

The background of the page is a grayscale illustration of several film strips. The strips are curved and overlap each other, creating a sense of depth and movement. They are set against a dark gray background. The strips have sprocket holes and rectangular frames, typical of motion picture film.

**AN TSÚIL Ó BHAILE
NA HABHANN**

Súil Siar ar an 'tSúil Eile'

Pádhraic Ó Ciardha

Réamhrá

Mheasas gurb é an rud ba thairbhí a d'fhéadfainnse a dhéanamh mar áis agus mar spreagadh don chomhlúadar seo inniu ná na cinntí is cinniúnaí, dar liom, a ghlac ardbhainistíocht TG4 le deich mbliana anuas a chur i bhur láthair. De bhrí gurb ansa le lucht teilifíse múnlaí cláracha ar nós 'an deichniúr is fearr' agus 'an fiche iarracht ba mheasa', shocraíos ar scór cinneadh a roghnú a mhúnlaigh an tseirbhís agus a d'fhág í mar atá sí. Cinntí a bhí faoinár smacht féin mar bhainistíocht atá ar an liosta seo – ní fúmsa atá sé cosaint ná míniú a thabhairt ar chinntí a ghlac polaiteoirí, státseirbhísigh agus craoltóirí eile. Níl an liosta seo in ord tábhachta ach níl sé i bhfad ó bheith in ord ama. Ag deireadh an tráchta seo ar an stair, ba mhaith liom cúpla focal a rá freisin faoina bhfuil i ndán do mheán na teilifíse amach romhainn, in Éirinn agus ar fud an domhain, agus críochnóidh mé le roinnt samplaí de chláracha le TG4 a léiríonn ár bhfealsúnacht agus talann ár gcuid léiritheoirí, dar liom.

Fiche Cinneadh Chinniúnacha i bhForbairt TG4, 1996–2006

1. Craoladh ar feadh an lae, beag beann ar an easpa maoinithe nach raibh dóthaineach ach do dhá uair an chloig.
2. An tseirbhís nuachta a lonnú sa Cheanncheathrú.
3. *Cúla4* agus *Hiúdaí*, nasc nua laethúil idirghníomhach le páistí agus daoine óga.
4. *Ros na Rún*.
5. Spórt: *All Ireland Gold* agus *GAA Beo* go háirithe.
6. Ceol traidisiúnta ó fhód an dúchais gan mhaisiú ná measúlacht.
7. Faisnéis gan fuacht gan faitíos, idir nualéirithe ó Éirinn agus athphacáistithe ón iasacht.

8. Dul i muinín nuathalainn agus gan brath ar éadain aitheanta (*Aifric*).
9. An suíomh gréasáin: bronnadh an Damhán Alla Órga, duais an tionscail leictreonaigh in Éirinn, orainn i 2006.
10. Ardán do chomhlachtaí/láithreoirí ón nGalltacht agus ón nGaeltacht.
11. Athbhrandaíl go TG4 i 1999.
12. An bloc cláracha Gaeilge a bhriseadh suas.
13. Fotheidil oscailte i mBéarla ar gach clár réamhthairfeadta do dhaoine fásta.
14. Sruth ioncain a ghiniúint ó fhógraíocht agus ó urraíocht.
15. Neamhspleáchas: ón gcéad lá, bhí an tuiscint ann, agus glacadh leis ar gach taobh, go dtiocfadh lá an neamhspleáchais do TG4.
16. Urraíocht annamh chliste ar bheagán tograí - Comórtas Físeáin, Gradam Ceoil agus Peil na mBan.
17. Aiseolas agus teagmháil phearsanta leis an bpobal féachana, polaiteoirí, iriseoirí agus gearánaithe.
18. Ceangal a shnaidhmeadh le lucht féachana Thuaisceart Éireann.
19. Nuatheicneolaíocht: íomhá nuálach ghraifí, mana simplí tarraingteach agus fógraíocht chliste.
20. ‘Súil Eile’ – an mana agus an fhealsúnacht.

‘Súil Eile’ Amach Romhainn

Deir lucht an eolais go bhfuil níos mó athruithe tarlaithe i saol na teilifíse le deich mbliana anuas ná mar a tharla sa leathchéad bliain roimhe sin. Is cinnte nach bhfuil aon mhoilliú ar luas an athraithe ná ar an réabhlóid teicneolaíochta atá ag tarlú sa tionscal seo ar fud an domhain.

Is cinnte gur gearr go mbeidh glacadh ag gach teach in Éirinn ar na céadta cainéal teilifíse. Ní fada freisin go mbeidh deireadh leis an nómshaireacht féachana atá anois ann. Roimhe seo ba chaitheamh aimsire comhluadair nó teaghlaigh a bheith ag féachaint ar an teilifís, ach le laghdú ar chostas na dteilifíseán agus le méadú ar líon na gcainéal agus na ndeiseanna eile glactha ábhair – podchraoladh, líonchraoladh, glacadh neamhlínoch, físeán ar éileamh – is mar chaitheamh aimsire aonair a chleachtófar an fhéachaint ar an teilifís feasta.

Dúisíonn seo na ceisteanna is bunúsaí faoi ról na teilifíse, a feidhm mar mhodh cumarsáide pobail agus mar mheán ginte ioncam tráchtála. Buntáiste amháin a chuirfidh an nuatheicneolaíocht ar fáil is ea go mbeidh cumas teilithéacs ag gach teilifís, rud a chuirfidh ar chumas na gcaoltóirí an bunchlár a chraoladh gan fotheidil agus gur faoin lucht féachana (aonarach) a bheidh sé fotheidil a roghnú dóibh féin. Beidh

deireadh le foitheidil éigeantacha agus iad ar fáil go deonach i raon teangacha dóibh sin atá ina ngá. Tiocfaidh mórathruithe ar an struchtúr rialála ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta freisin, mar atá molta sa Bhille Craolacháin (2006). Beidh le feiceáil an chun tairbhe do na mionteangacha a rachaidh seo in Éirinn agus sna críocha eile.

Samplaí den ‘tSúil Eile’

Ní le caint ach trí mheán na teilifíse a chuireann TG4 an ‘tSúil Eile’ i bhfeidhm. Dá réir sin, roghnaigh mé trí shampla a thugann, dar liom, léargas ar ghnéithe éagsúla den aisling á fíoradh:

- (i) Tuairisc ó Thomás Ó Mainnín Nuacht TG4 faoi dheireadh ré na n-iascairí bradán i gCorca Dhuibhne;
- (ii) Sliocht ón gclár *Mé Féin 's Mo Mhéit*, léargas nádúrach gan deifir ar chairdeas agus ar shaol Gaeltachta atá ionann is imithe anois – bádóireacht agus coimhlintí iomartha – á léiriú ag Seán Ó Cualáin, léiritheoir óg Gaeltachta;
- (iii) Mír ón sobal *Ros na Rún* a chuimsíonn greann, deisbhéalaíocht agus aisteoireacht *ensemble* den scoth – *genius* cruthaitheach na Gaeilge á thabhairt chun tairbhe do mheán na teilifíse.

Súil Siar ón gCéad Cheannasaí

Cathal Goan

Tá sé píosa maith ó bhí mé i mo sheasamh anseo ag caint ar chúrsaí teilifíse le lucht iarchéime a bhí anseo tuairim is sé nó seacht de bhlianta ó shin, agus ní mheasaim go raibh an oiread sin measa ag an dream sin ar an rud a bhí ar bun againne ag an am. Is maith liom anois go bhfuil de thábhacht agus de mheas ar TG4 gur fiú seimineár de chuid na hollscoile a reáchtáil fúithi. Sílim gur ráiteas ann féin é sin go bhfuil TG4 ag teacht agus go deimhin tagtha in inmhe.

Ag smaoineamh siar sular tháinig TG4 nó Teilifís na Gaeilge, ar an aer – sílim gur mí Eanáir na bliana 1996 a bhí ann – agus bhí scaifte beag againn bailithe thíos i nDún Garbhán. D'iarr muid ar chomhghleacaithe as an Bhreatain Bheag a theacht inár gcuideachta agus a bheith ag plé agus ag pleanáil faoi na mórstraitéisí a bheadh ag teastáil le go n-éireodh leis an stáisiún, leis an tseirbhís úr seo. Agus le linn an chúpla lá sin a tháinig an mana sin a raibh Pádhraic Ó Ciardha ag tagairt dó, 'Súil Eile', chun cinn, agus is maith liom a rá anseo gurb é Pádhraic é féin a tháinig aníos leis mar mhana agus is maith atá sé ag fóirstin do TG4 ó shin i leith, 'An tSúil Eile'. Agus ar ndóigh, is iomaí sin 'Súil Eile' a rabhthas agus a mbítear ag súil léi: teilifís phobail i gceantair Ghaeltachta; teilifís do phobal na Gaeilge ar fud na tíre, más féidir dlús agus ionannas mar ghrúpa a cheangal le coincheap atá chomh scaoilte agus chomh hinathraithe leis an téarma sin 'pobal na Gaeilge'; teilifís a shásaíonn gá inteacht teibí, dothomhaiste ar leibhéal náisiúnta, gur chóir go mbeadh seirbhís teilifíse againn inár dteanga féin, mar náisiún, mar léiriú ar ár sofaisticiúlacht mar náisiún iarchoilíneach, bíodh is nach í ár dteanga féin í, ag formhór an phobail dá cheanúla uirthi nó dá fhabhraí di is atá mórchuid de phobal na hÉireann. Ar ndóigh, tá tuilleadh mór 'Súil Eile' lena gcois sin fiú amháin taobh istigh de na rudaí atá rangaithe agam ansin.

Ar bhealach, bhí agus tá de cheart ag na grúpaí éagsúla seo a bheith ag súil lena leagan féin den ‘tSúil Eile’. Ba chóir don tionscadal seo a bheith nuálach, le freastal ar mhian phobal na Gaeltachta, a bheith samhlaíoch agus uaimhianach agus é ag aimsiú lucht féachana náisiúnta, a bheith oscailte agus mealltach don dream nach cuid dá sealús í an Ghaeilge. Ar gach ceann de na critéir sin áirítear an tseirbhís mar thionscadal teanga. Ó mo thaobhsa de ba thionscadal teilifíse go príomha a bhí i dTeilifís na Gaeilge ón chéad lá agus is ea go fóill.

Tá cuimhne agam blianta ó shin a bheith ag obair ar *Cúrsaí*, an clár cúrsaí reatha a bhí againn ar RTÉ san am, agus scríobh fear chugam ag moladh an chláir ach dár gcáineadh i ngeall ar na láithreoirí a bheith ag labhairt róghasta, mar dar leis gurb é an dualgas a bhí orainn ná a bheith inár n-áisitheoirí dósan agus dá leithéid mar fhoghlaimoirí Gaeilge. Sílim go raibh sé i dteideal a bheith ag amharc mar sin orainne, ach ní hé sin an jab, dar linne, a bhí le déanamh againn. An jab a bhí le déanamh againne ná a bheith ag caint le dream éigin a thuig muid, a mheas muid. Agus tá cuimhne agam gur chuir mé litir, nuair a smaoiním siar air a bhí sotalach go maith, mar fhreagra ag an am ag rá leis gur mór agam a chuid moltaí ach gur beag liom an tábhacht a bhain le bheith inár n-áis ag foghlaimoirí. Agus bhí mé contráilte!

Cuid den dúshlán a bhaineann le bheith ag plé leis na rudaí seo i dteanga mhionlaigh ná go gcaithfidh tú a bheith ag freastal ar na tránna seo ar fad. Sin cuid den dúshlán nach féidir ina iomláine teacht thairsti. Tá an oiread sin ‘Súil Eile’ i gceist ag gach dream a bhíos ag breathnú isteach. Is de thraidisiún an chraoltóra mise a fheiceann an próiseas cumarsáide go príomha mar phróiseas aonbhealaigh ag dul ón chraoltóir go dtí an lucht féachana seachas próiseas dhá bhealaigh. Ach anois tá TG4 i ndiaidh teacht ar an aer nuair atá an dúshlán sin á thabhairt do choincheap sin an chraoltóra ar fhás muid suas leis i laetha órga ileolacha Lord Reith nuair a thuig an craoltóir cad é a bhí de dhíth ar an phobal agus gur thug sé dóibh é. Taitníodh sé leo nó ná taitníodh. Tá sé sin athraithe anois agus tá an dúshlán seo á thabhairt ar chúpla bealach.

Ar thaobh amháin tá daonlathú áirithe ar réimse na cumarsáide leictreonaí anois, ar raidió agus amach anseo ar theilifís, ó sheirbhísí pobail, dreamanna atá lonnaithe sa phobal, agus seirbhísí atá dírithe ar an phobal. Ar an idirlíon tá an *blogosphere* ag fás go tiubh ó lá go lá agus is féidir le daoine teacht ar mhalairt tuairimí, ar mhalairt scéalta, ar phróiseas dhá bhealaigh cumarsáide nach mbaineann leis an traidisiún

inar oileadh mise. Sin taobh amháin den scéal. Ar an taobh eile de sin tá na seirbhísí tráchtála ag díriú ar réimsí áirithe atá an-fhócasaithe, dreamanna beaga taobh istigh den lucht féachana féin, agus na comhlachtaí tráchtála sin ag teacht i dtír ar chúngú spéise agus ar shainseirbhís a gcaithfear díol ar a son.

Tháinig TG4 ar an saol agus na fórsaí éagsúla iomadúla seo ag bailiú nirt. Agus dála RTÉ, níorbh fhéidir le TG4 freastal ar gach trá nó dul i ngleic nó go deimhin i bpáirt le gach ceann de na fórsaí sin. Bhí de bhuntáiste agus tá de bhuntáiste ag TG4 go fóill go raibh nod againn i dtreo an daonlathais seo ón chéad lá sa mhéid is gur foilsitheoir/craoltóir atá i gceist. Tá duine inteacht ag déanamh na gcinntí in áit lárnach ach fágfar faoin léiritheoir a ghuth féin a aimsiú le go dtuigfeadh an pobal féachana, cibé áit a bhfuil siad, tuairim nó ealaín an léiritheora nó an chraoltóra.

Trí chuid de na léiriúcháin a tháinig chun cinn as an socrú seo, craoltóir/léiritheoir, aimsíodh guth fírinneach Gaeltachta, agus smaoiním ar a leithéidí *C.U. Burn* ó Thír Chonaill i dtús ama agus *Mé Féin 's Mo Mhéit*, sampla iontach eile den ghuth céanna. Measaim gur éirigh le TG4 dul i gcionn ar phobal na Gaeltachta. Fuarthas lucht féachana náisiúnta don eachtra áitiúil chomh maith, agus smaoiním go háirithe ar chúrsaí spóirt agus ar chlúdach spóirt sa chomhthéacs seo. Ina theannta sin, sílim gur tugadh cuireadh don dream amuigh a bheith istigh trí úsáid na bhfotheideal a bhfuil an oiread sin inní ar dhaoine ina dtaobh, agus údar acu mar is léir ó imeachtaí an tseimineáir seo. Níl mé á shéanadh sin ach sílim gur éirigh leis na fotheidil sin ón chéad lá a thabhairt le fios gur dream a bhí i TG4 a bhí oscailte, agus bíodh is go bhfuil na hábhair inní a luaitear fíor agus go gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu, nuair a chuireann tú bunú TG4 i gcomhthéacs na díospóireachta nimhní a bhí ann ag an am agus an bhain a bhain le lucht cáinte an smaoinimh ag an am, mheas mise gur cinneadh maith straitéise a bhí ann a bheith oscailte agus measaim go fóill gurbh é an cinneadh ceart a bhí ann.

Ar ndóigh, duine ar bith a phléann leis na meáin tuigeann sé/sí go n-alpann na meáin ábhair. Tá siad fíorchíocrach, agus, ag fágáil scéal na n-athchraoltaí ar leataobh ar feadh leathbhomaite, tá rudaí bunúsacha ag teastáil chun an tseirbhís seo a choinneáil beo agus a bheith ag freastal ar na roghanna éagsúla den 'tSúil Eile' atá amuigh ansin. Tá gá le háiseanna, le hairgead agus le daoine oilte agus le tuiscint ón tús go mbíonn comhghéilleadh i gceist le gach ceann acu. I dtaca le daoine agus oiliúint,

tá Pádhraic Ó Ciardha i ndiaidh tagairt a dhéanamh don tallann a aimsíodh i dtús ama agus atá á aimsiú go fóill agus sílim gur ábhar misnigh do TG4 agus go deimhin don earnáil chraolta trí chéile go bhfuil an oiread sin daoine nua i ndiaidh a theacht ar an fhód agus guth a aimsiú dóibh féin trí mheán TG4. Ach, agus caithfear é seo a rá go háirithe anseo in ollscoil, áit a mbíonn go leor cáinte á dhéanamh ar chaighdeán na Gaeilge ar TG4: má tá locht ar Ghaeilge TG4, den chuid is mó tháinig an locht sin ón oiliúint a fuair na daoine sna hollscoileanna sular tháinig siad a fhad linn, rud nach ndeirtear leathmhinic go leor, measaim! Ach deirim gur comhghéilleadh i gcónaí atá sna rudaí seo. Ní féidir linn a bheith ag súil le rud ón bhocsa sa choirnéal nach féidir linn a aimsiú inár saol laethúil. Bímis réadúil faoi seo.

Anuas air sin chomh maith, tá na scileanna a bhaineann le ceird na teilifíse agus an gá a bhí ann ón tús go mbeadh an próiseas léirithe ón chéad smaoinemh go dtí an fráma deireanach craolta ar an teilifís, go mbeadh an obair sin, an plé, an anailís, gach rud a bhaineann leis á dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Níor éirigh le TG4 go fóill, bíodh is go bhfuil éirithe go hiontach maith léi in áiteanna, é sin a bhaint amach go hiomlán. Agus ní mheasaim go n-éireoidh léi go hiomlán. Den chuid is mó tá éirithe le Raidió na Gaeltachta é sin a dhéanamh. Taobh istigh den dá stáisiún tá an Ghaeilge mar phríomhtheanga labhartha, ach i gcás an raidió, nuair nach bhfuil tú ag brath an oiread sin ar rudaí ón taobh amuigh, is féidir leanúint ar aghaidh leis an Ghaeilge mar mheán inmheánach cumarsáide. I gcás TG4 tá an oiread sin dreamanna éagsúla ag plé léi nach bhfeicim go mbeidh an próiseas iomlán trí mheán na Gaeilge go fóill ná fiú amach anseo. Ní laghdaíonn sé sin an gá atá le bheith ag brú go mbainfidh daoine amach cáilíochtaí in úsáid na Gaeilge, i labhairt na Gaeilge. Tá sé an-fhurasta ag lucht déanta clár, mé féin ina measc, nuair a bhí mé ina bhun, glacadh leis nach bhfuil Gaeilge ag X, agus Béarla a labhairt leo agus tú ag léiriú cláir leis an saol a dhéanamh éasca duit féin. Sílim go bhfuil orainn an iarracht bhreise sin a dhéanamh chun an dream sin ar an bheagán a thabhairt linn sa dóigh is go mbeidh an próiseas ó thús go deireadh oiread agus is féidir trí mheán na Gaeilge: comhghéilleadh.

Airgead an dara pointe. Ní raibh go leor airgid i gceist le TG4 ón tús, níl anois agus ní bheidh go deo go leor airgid ag TG4. Agus b'fhéidir nach gcreideann lucht TG4 é seo uaimse ach glacaigí leis. Ní raibh go leor airgid ag RTÉ riamh, níl anois agus ní bheidh go deo. Mar

sin é an cineál réimse ina bhfuil muid ag maireachtáil agus ag iarraidh a bheith ag feidhmiú. Alpann na meáin seo airgead agus dá mbeadh níos mó airgid againn níl a fhios cad iad na rudaí a bhainfeadh muid amach. Mar sin, bíonn comhghéilleadh i gceist ansin freisin. Measaim go bhfuil troid eile le déanamh go fóill bíodh is go nglacaim leis nach bhfuil go leor airgid ag dream ar bith. Measaim go bhfuil troid eile le baint amach ag TG4 chun an beagán atá aici i láthair na huair a mhéadú go háirithe agus neamhspleáchas ar leic an dorais.

An tríú rud a dúirt mé, áiseanna, agus arís eile, thagair Pádhraic Ó Ciardha d'fhorbairt iontach tábhachtach, is é sin, an tIdirlíon agus na forbairtí atá ag tarlú i saol an Idirilín. Tá sé sin an-tábhachtach. Ach beidh ar dhaoine i saol na teilifíse, saol na craoltóireachta trí chéile, comhghéilleadh a dhéanamh anois sa mhéid is nach dtuigeann muid cad é atá amach romhainn. Tá an saol analógach inar tógadh muid i mbéal an bháis. I gcionn cúig nó sé de bhlianta, beidh orainn na haerthonnta a athrú agus teilifís dhigiteach a thabhairt isteach sa tír seo. Athróidh sé rudaí ó bhun ó thaobh dáileadh teilifíse de, agus anuas air sin tiocfaidh casadh eile sa scéal sa mhéid is go mbeidh an rud a dtugann muid IPTV air ag teacht chun cinn. Deiseanna atá sna rudaí seo ar fad dúinn, ach sa mhéid is nach dtuigeann muid go hiomlán cá mbeidh na forbairtí ag gabháil, cén luas a bheidh ag baint leo, bíonn orainn i gcónaí a bheith ag comhghéilleadh, ag iarraidh a bheith ag ullmhú dóibh agus ag an am céanna ag iarraidh an rud atá ar bun againn i láthair na huair a choinneáil sa tsiúl.

Mar sin, don am atá le teacht beidh TG4 neamhspleách. Ní laghdófar ar an éileamh ar 'Shúil Eile', ní laghdófar ar an éileamh ar nuálacht, ar spreagúlacht agus ar chruthaitheacht. Le go mbainfeadh sin amach tá tacaíocht an phobail, pobal na Gaeilge más ann do rud mar sin, pobal na Gaeltachta agus lucht an léinn sna hollscoileanna. Tá mise ag súil go mór leis an díospóireacht a bheas ag an gcomhdháil seo. Ag amharc siar ar dheich mbliana de TG4 creidim go bhfuil ábhar bróid agus sásamh áirithe ag baint leis an méid atá curtha i gcrích. Dúirt an Cathaoirleach, Peadar Ó Flatharta, gur cuimhneach leis mé a fheiceáil oíche na hoscailte agus go raibh mé sásta. Ní sásamh a bhí orm: faoiseamh a bhí ann. Bhí eagla mo bháis orm go raibh muid ag gabháil a thitim as a chéile. Níor thit sí as a chéile. Is ag dul ó neart go neart atá sé agus guím gach rath uirthi san am atá le teacht.

The background of the page is a grayscale illustration of several film strips. The strips are curved and overlap each other, creating a sense of depth and movement. They are set against a dark, gradient background. The strips have sprocket holes along their edges and are divided into rectangular frames.

SÚIL AN PHOBAIL

Fíorú Aislinge: Cuimhní Cinn agus Smaointe Feachtasóra

Íte Ní Chionnaith

Níl aon dabht ach gur ábhar ollmhór ceiliúrtha iad deich mbliana TG4. Deich mbliana go ham seo tharla gníomh réabhlóideach i gcúrsaí Gaeilge agus i gcúrsaí teilifíse in Éirinn. Fíoraíodh aisling agus tháinig fíis ar an aer ar cheap go leor Éireannach, agus Gaeilgeoirí, fiú, nach bhfeicfidís a leithéid lena mbeo. Oíche Shamhna 1996, bhí mé féin i láthair ag ceiliúradh oifigiúil bhunú Theilifís na Gaeilge in Óstán Chósta Chonamara. Bhí slua ollmhór i láthair, daoine den chuid is mó a raibh baint acu ar bhealach amháin nó ar bhealach eile le fíorú na haislinge seo, ina measc, cuid den lucht agóide a throid ar son stáisiún teilifíse Gaeilge nó Gaeltachta agus na craoltóirí agus an bhainistíocht a chuir ár n-aisling ar an aer. Bhí atmaisféar thar a bheith spleodrach ann, scáileán mór sa chúinne ag comhaireamh na nóiméad agus na soicindí a bhí fágtha go dtí go dtiocfadh an t-éacht seo, stáisiún teilifíse Gaeilge, ar an aer.

Thit ciúnas iomlán ar an halla ansin, ciúnas corraitheach, gach éinne ar bís le linn na soicindí deireanacha sin ag fanacht leis an tarlú draíochta. Tharla sé faoi dheireadh agus chonaiceamar na chéad phictiúir ó Theilifís na Gaeilge (TnaG). Iontas, ansin gliondar. Sheas a raibh sa halla ag bualadh bos agus ag ligint gártha áthais astu, amhail is dá mba rud é go raibh a bhfoireann féin tar éis Craobh na hÉireann a bhuachaint i bPáirc an Chrócaigh den chéad uair riamh.

Lá dár saol a bhí ann, lá stairiúil, agus bhí an stair sin á cruthú inár láthair, os comhair ár súl féin. Ní bheadh an Ghaeilge féin ná íomhá na Gaeilge mar an gcéanna go deo arís. Ní bheadh pobal na Gaeilge ná pobal na Gaeltachta mar an gcéanna. Bhí athrú ollmhór tagtha ar chúrsaí craoltóireachta Gaeilge. Ní raibh aon amhras ach gur ócáid chinniúnach

stairiúil a bhí ann. Mar a dúirt Pádhraic Ó Ciardha agus é ag caint faoin oíche chéanna i mBaile na hAbhann:

Ag breathnú siar air, is léir go raibh an Oíche Oscailte ar cheann de bhuaicimeachtaí na Gaeilge le daichead bliain anuas, tús dóchais agus misnigh, ní amháin don dornán beag daoine a bhí gafa go gairmiúil leis an togra – ach don phobal Gaelach fré chéile (Ó Ciardha, 2006).

Níor éirigh leis an bhfoireann an ceiliúradh óstáin a shroichint, ar ndóigh, go dtí go raibh a gcuid oibre déanta acu agus an báibín nua fise seo saolaithe agus curtha a chodladh don oíche.

Cuimhním ar ócáid thábhachtach eile i mo shaol pearsanta. Ar an 4 Eanáir 1977, timpeall 7.30 r.n., tháinig ceathrar Garda chuig an teach le mé a ghabháil. Bhí mé tar éis a chur in iúl don Roinn Poist agus Teileagrafa dhá bhliain roimhe sin nach raibh mé sásta íoc as ceadúnas teilifíse toisc nach raibh freastal ceart á dhéanamh ag Teilifís Éireann, mar a bhí uirthi ag an am, ar phobal na Gaeilge. Tugadh os comhair na cúirte mé, ciontaíodh mé as gan ceadúnas teilifíse a bheith agam agus gearradh fineáil £25 nó seacht lá i bpríosún orm. Ar ndóigh, ar bhonn prionsabail, níor íoc mé an fhíneáil agus thuig mé gur dócha go mbeadh an príosún i ndán dom.

Sa litir a sheol mé chuig an Roinn Poist agus Teileagrafa ar an 1 Márta 1975, chuir mé in iúl cé chomh míshásta is a bhí mé le staid na Gaeilge ar RTÉ agus bhí mé sách uaillmhianach sa mhéid a bhí á éileamh agam:

Éilím mar sin ar an Roinn Poist agus Teileagrafa agus ar Theilifís Éireann seirbhís iomlán teilifíse trí Ghaeilge a chur ar fáil láithreach. Seirbhís í seo a bheadh ag freastal ar gach aicme den phobal, cláracha do dhaoine atá ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim agus do dhaoine ar bheagán Gaeilge, cláracha do pháistí sna haoisghrúpaí éagsúla, cláracha do dhaltaí scoile ar gach gné de churriculum na scoile agus ar gach leibhéal, cláracha d'fheirmeoirí agus d'iascairí, cláracha ceoil, litríochta, polaitíochta, eacnamaíochta, díospóireachta, spóirt, tráth na gceist, cláracha nuachta go rialta tríd an oíche, drámaí, scannáin, srl. (Ní Chionnaith, 1975).

Ba é Alan Heussaff, Briotanach ar thóg sé féin agus a bhean Bríd a gclann le Gaeilge, an chéad duine a dhiúltaigh íoc as ceadúnas teilifíse de bharr easpa cláracha Gaeilge ar RTÉ nó easpa seirbhís teilifíse Gaeilge, agus a tugadh os comhair na cúirte dá bharr. Mise an chéad duine a